



COMHAR PÓILÍNEACHTA

Is í an príomhionstraim don chomhar póilíneachta ná an Oifig Eorpach Póilíní, ar gné lárnach í de struchtúr slándála inmheánaí na hEorpa ina iomláine. Tá comhar agus beartais fós i mbéal forbartha, agus béim ar bhagairtí agus coireacht fud fad an Aontais a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí agus, i gcás Pharlaimint na hEorpa go háirithe, é sin a dhéanamh i gcomhréir le cearta bunúsacha agus le rialacha maidir le cosaint sonraí.

BUNÚS DLÍ

Airteagail 33 (comhar custaim), 87, 88 agus 89 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

CUSPÓIRÍ

Tá comhar póilíneachta éifeachtach ina ghné lárnach i ndáil leis an Aontas a thiontú ina Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais atá bunaithe ar urraim do chearta bunúsacha. Tá sé mar aidhm le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí — lena mbaineann na póilíní, lucht custaim agus seirbhísí forfheidhmithe eile dlí — cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú ar fud an Aontais Eorpaigh. I bpraitic, baineann an comhar sin go príomha le coireacht thromchúiseach (coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhruaí, gáinneáil ar dhaoine, cibearchoireacht) agus le sceimhlitheoireacht.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Tús

Cuireadh tús le comhar póilíneachta i measc na mBallstát in 1976 trí ‘Ghrúpa Trevi’, mar a thugtaí air, líonra idirialtasach ionadaithe aireachtaí dlí agus cirt agus gnóthaí baile. As a aithle sin, leagadh amach le Conradh Maastricht ábhair chomhleasa lenar tugadh forais dhlísteanacha le comhar póilíneachta (sceimhlitheoireacht, drugaí agus cineálacha eile coireachta idirnáisiúnta). Bunaíodh leis freisin an prionsabal maidir le ‘hoifig Eorpach póilíní’ (Europol) a chruthú, arbh é a bhí ann i dtosach ná Aonad Drugaí Europol. Rinneadh Coinbhinsiún Europol a shíniú an 26 Iúil 1995, cé nár thosaigh an oifig ar a chuid oibre go hoifigiúil go dtí an 1 Iúil 1999, ar bhonn na gcumhachtaí feabhsaithe a deonaíodh le Conradh Amstardam (a síníodh an 2 Deireadh Fómhair 1997). Bhí dul chun cinn déanta ó thaobh comhar póilíneachta, áfach, sularbh ann do Europol. Le cruthú Limistéar Schengen i 1985, nár bhain ach dornán Ballstát leis i dtosach, b’ann do chomhar póilíneachta trasteorann (féach chomh maith [4.2.4](#)). Le



teacht i bhfeidhm Chonradh Amstardam, rinneadh *acquis* Schengen — lena n-áirítear na gnéithe um chomhar póilíneachta a ghabhann leis — a ionchorprú i ndlí AE, siúd is gur tháinig sé faoin ‘tríú colún’ de chomhar idir-rialtasach. Baineadh feidhm as an gcur chuige idir-rialtasach céanna i leith bearta um chomhar póilíneachta a ghlac drong beag Ballstát faoi Chonradh Prüm, ina raibh forálacha i dtaca le malartú ADN, le méarloirg agus le sonraí maidir le clárú feithiclí. Rinneadh Conradh Prüm a thabhairt isteach ina iomláine ar leibhéal an Aontais le cinneadh 2008/615/JHA ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008.

B. An creat institiúideach reatha

Tá simpliú nach beag déanta ar an gcreat institiúideach le Conradh Liospóin (CFAE), agus bunáite na mbeart um chomhar póilíneachta á nglacadh feasta faoin ngnáthnós imeachta reachtach (comhchinneadh) agus faoi réir athbhreithniú breithiúnach ag an gCúirt Bhreithiúnais. Bíodh sin mar atá, fiú agus na gnéithe sonracha den Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (rogha an diúltaithe ag an Ríocht Aontaithe, ag Éirinn agus ag an Danmhairg (Prótacail 21 agus 22 a ghabhann le CFAE) agus ról ar leith do na parlaimintí náisiúnta (Prótacail 1 agus 2)) á gcur i leataobh, níl an comhar póilíneachta, maille leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, fite ina iomláine i gcreat an Chomhphobail agus tá roinnt dá ghnéithe bunaidh ag gabháil leis i gcónaí:

- Roinneann an Coimisiún a chumhacht tionscnaimh leis na Ballstáit, ar choinníoll gurb ionann iad agus an ceathrú cuid d’Fheisirí na Comhairle (Airteagal 76 CFAE);
- Ní théitear i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ach i dtaobh bearta maidir le comhar oibríochtúil, a ndéanann an Chomhairle iad a ghlacadh d’aontoil. In éagmais aontoil sa Chomhairle, is féidir le naoi mBallstát, nó níos mó ná sin, oibriú le chéile ar bhonn comhar feabhsaithe. Sa chás sin, cuireann an Chomhairle Eorpach an próiseas ar fionraí chun teacht ar chomhthoil (sásra ‘an choscáin éigeandála’ faoi Airteagal 87(3) CFAE);

C. Na príomhghníomhartha reachtacha maidir le comhar póilíneachta arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach

- [Rialachán \(AE\) 2015/2219](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oilíúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2005/681/CGB ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin, atá infheidhme ón 1 Iúil 2016;
- [Treoir \(AE\) 2016/681](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ceanglaíodh ar na Ballstáit an treoir a thrasú ina ndlí náisiúnta faoin 25 Bealtaine 2018;
- [Rialachán \(AE\) 2016/794](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus a ghabhann ionad Chinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón



gComhairle, agus lena n-aisghairtear na Cinntí sin, atá infheidhme ón 1 Bealtaine 2017;

- [Rialachán \(AE\) 2018/1726](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, atá infheidhme ón 11 Nollaig 2018;
- [Rialachán \(AE\) 2018/1862](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún, a bheidh infheidhme ón 28 Nollaig 2021 ar a dhéanaí;
- Ghlac an Pharlaimint a [seasamh ar an gcéad léamh an 16 Aibreán 2019](#) d'fhonn go nglacfaí Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/... Tá comhaontú sealadach ann idir an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir leis an ionstraim chríochnaitheach;
- Ghlac an Pharlaimint a [seasamh ar an gcéad léamh an 17 Aibreán 2019](#) d'fhonn go nglacfaí Rialachán (AE) 2019 ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle. Tá comhaontú sealadach ann idir an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir leis an ionstraim chríochnaitheach;

D. Gníomhaireachtaí comhair póilíneachta agus comhlachtaí gaolmhara eile

1. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)

Gníomhaireacht is ea [Europol](#) arb é an príomhspríoc atá aige ná an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte. Tacaíonn sé le Ballstáit AE sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta, na cibearchoireachta agus cineálacha eile coireachta tromchúisí agus eagraithe. Fairis sin, bíonn Europol ag obair le scata stáit chomhpháirtíochta neamh-AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Tá móríonraí coiriúla agus sceimhlitheoireachta ina mbagairt shuntasach ar shlándáil inmheánach AE. Is iad an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil idirnáisiúnta ar dhruaí agus sciúradh airgid, calaois eagraithe, brionnú an euro, agus an gháinneáil ar dhaoine na bagairtí is mó ar an tsándáil.

Tá aonaid speisialaithe éagsúla curtha ar bun ag Europol chun freagairt do na bagairtí sin:



- Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (ICE) chun freagairt lucht forfheidhmithe dlí don chibearchoireacht in AE a neartú agus ar an gcaoi sin cabhrú le saoránaigh, gnólachtaí agus rialtais na hEorpa a chosaint ar an gcoireacht ar líne;
- An Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach (EMSC) chun tacú le Ballstáit AE i ndáil le líonraí coiriúla casta agus ardghairmiúla a bhfuil lámh acu i smuigleáil imirceach a aimsiú agus a réabadh.
- Is ionann Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na hEorpa (ECTC) agus lárionad oibríochtaí agus mol saineolais atá ina léiriú ar an méadú ag teacht ar an ngá le AE treisiú lena fhreagairt don sceimhlitheoireacht;
- Tugann an Chomhghuaillíocht Chomhordaithe um an gCoireacht Maoine Intleachtúla (IPC3) tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus do chomhpháirtithe eile;
- Is ionann FIU.net agus líonra ríomhaireachta díláraithe agus ardfheidhmíochta trína dtugtar tacaíocht do na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais in AE sa chomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta;
- Déanann Aonad Atreorúcháin ar Líne an Aontais Eorpaigh (EU IRU) ábhar mailíseach ar líne agus ar líonraí na meán sóisialta a bhrath agus a imscrúdú.

Bunaíodh Europol faoi Rialachán Europol. Tá sé lonnaithe sa Háig, san Ísiltír.

Chun cuntasacht níos mó a bhaint amach don ghníomhaireacht, rinneadh Ghrúpa um Ghrinnscrúdú Parlaiminteach Comhpháirteach (GGPC) maidir le Europol a chur ar bun faoi Rialachán Europol. Le hAirteagal 88 CFAE, déantar foráil do ghrinnscrúdú a bheith á dhéanamh ag Parlaimint na hEorpa, in éineacht leis na parlaimintí náisiúnta, ar ghníomhaíochtaí Europol. De réir Airteagal 51 de Rialachán Europol, ‘déanfaidh GGPC faireachán polaitiúil ar na gníomhaíochtaí a dhéanann Europol agus é i mbun a mhisin, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le tionchar na ngníomhaíochtaí sin ar chearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha’.

2. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)

Is ionann [CEPOL](#) agus gníomhaireacht arb é an cúram atá uirthi oiliúint d’oifigigh forfheidhmithe dlí a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chomhordú. Rannchuidíonn CEPOL leis an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte trí chomhroinnt comhair agus eolais i measc oifigigh forfheidhmithe dlí Bhallstáit AE, agus i measc oifigigh forfheidhmithe dlí ó thríú tíortha pas, maidir le saincheisteanna a eascraíonn ó thosaíochtaí AE i réimse na slándála, ó thimthriall beartais an Aontais maidir le coireacht thromchúiseach agus eagraithe go háirithe, a éascú;

Bunaítear an Ghníomhaireacht um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí faoi Rialachán CEPOL. Tá sí lonnaithe i mBúdaipeist, san Ungáir.

3. An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI)

Faoi Airteagal 71 CFAE, ‘cuirfear buanchoiste ar bun laistigh den Chomhairle chun a áirithiú go ndéanfar an comhar oibríochtúil maidir leis an tslándáil inmheánach a chur chun cinn agus a neartú san Aontas. Gan dochar d’Airteagal 240, éascóidh sé comhordú ghníomhaíocht údaráis inniúla na mBallstát. Féadfaidh ionadaithe na



gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí Aontais lena mbaineann a bheith rannpháirteach in imeachtaí an choiste sin. Coinneofar Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoi na himeachtaí.'

Bunaíodh COSI le [Cinneadh ón gComhairle an 25 Feabhra 2010](#) maidir leis an mBuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach a chur ar bun (2010/131/AE).

4. Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (EU INTCEN)

Ní hionann Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (EU INTCEN) agus comhlacht comhair póilíneachta, dáiríre, ós ní é gur Stiúrthóireacht den tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) é agus nach mbíonn sé ag plé ach le hanailís straitéiseach. Bíodh sin mar atá, rannchuidíonn sé leis an gcomhar póilíneachta trí mheasúnuithe ar bhagairtí a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag seirbhísí faisnéisíochta, ag an arm, ag taidhleoirí agus ag seirbhísí póilíneachta. Tá INTCEN in ann rannchuidiú fóna a dhéanamh ó thaobh na hoibríochta de freisin trí, mar shampla, faisnéis uile-Aontais maidir le cinn scríbe, tucaidí agus gluaiseachtaí sceimhlitheoirí a sholáthar.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá a mórchoin féin á dhéanamh ag an bParlaimint i ndáil le reachtaíocht AE i réimse an chomhair póilíneachta a mhúnlú trí thosaíocht pholaitiúil a dhéanamh de shlándáil shaoránaigh na hEorpa. Ina theannta sin, faoin ngnáthnós imeachta reachtach, tá sí ar a bionda chun feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta ar comhchéim leis an gComhairle

Is í an príomhionstraim don chomhar póilíneachta náan Oifig Eorpach Póilíní, ar gné lárnach í de struchtúr slándála inmheánaí na hEorpa ina iomláine. Mar chuid den athchóiriú ar Europol, bhí an Pharlaimint i bhfách, ar bhonn gníomhach, le grinnscrúdú parlaiminteach níos mó a bheith ann agus le rialacha feabhsaithe maidir le cosaint sonraí.

Tá comhar póilíneachta agus beartais fós i mbéal forbartha, agus béim ar bhagairtí agus coireacht fud fad an Aontais a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí agus, i gcás Parlaimint na hEorpa go háirithe, é sin a dhéanamh i gcomhréir le rialacha maidir le cearta bunúsacha agus cosaint sonraí. Siúd is go bhfuil athchóiriú ó thalamh déanta ar na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí comhair póilíneachta AE, beidh gá i gcónaí le hiarrachtaí comhbheartaithe chun tuilleadh neartaithe a dhéanamh ar bhearta um chomhar póilíneachta, go háirithe maidir le malartú sonraí agus fianaise idir údarais fhofheidhmithe dlí na mBallstát agus eatarthu siúd agus gníomhaireachtaí AE. Thathantaigh an Pharlaimint ar na Ballstáit na feabhsuithe ba ghá mar le caighdeánú teicniúil, i ndáil le cáilíocht sonraí, a dhéanamh, agus creat dlíthiúil a bhunú i gcomhair cur chuige amach anseo bunaithe ar 'chomhroinnt faisnéise mar réamhshocrú'. De réir mar a rachaidh líon na gcúraimí i méid agus de réir mar a bheifear ag súil le níos mó, is amhlaidh a bheidh gá lena áirithiú go mbeidh acmhainní leormhaithe airgeadais agus daonna ar fáil do ghníomhaireachtaí AE. Is é is dóichí, fairis sin, go mbeidh sé de chúram ar an bParlaimint, i leaba reachtaíocht nua a thabhairt isteach, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta sin.



Is gníomhaí institiúideach lánfheidhme feasta í an Pharlaimint i réimse na mbeartas slándála agus ba cheart go mbeadh ról nach beag aici i ndáil le meastóireacht agus sainiú a dhéanamh ar bheartais slándála inmheánaí. Tá lorg nach beag fágtha cheana aici ar an mbeartas slándála inmheánaí, lena n-áirítear beartais um chomhar póilíneachta.

Kristiina Milt
05/2019

